

# Béaltrialacha na hArdteistiméireachta




## Iarrthóirí na hArdteistiméireachta agus na hArdteistiméireachta Feidhmí

### An t-eolas is gá a bheith agat

- Beidh agallamh na mBéaltrialacha á reáchtáil idir 26 Márta and 15 Aibreán. Cuirfidh do scoil an t-am agus an dáta ar fáil
- Beidh agallamh na mBéaltrialacha á reáchtáil ag múinteoir ach ní bheidh sé/sí ag marcáil do chuid feidhmíochta
- Déanfar an t-agallamh, a leanfaidh an ghnáthfhormáid don ábhar, a thaifeadadh agus a chur chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) i gcomhair marcála





### Na Bearta Sláinte Poiblí

- Achar de dhá mhéadar agus scáileán peirspéacs idir na hiarrthóirí agus an t-agallóir
- Beidh maisc á gcaitheamh ag an iarrthóir agus ag an agallóir le linn an agallaimh
- Déanfar gach dromchla a ghlanadh idir agallaimh, cóipeanna úra de pháipéir nó cóipeanna lannaithe díghalraithe do gach iarrthóir, a úsáidfidh a bpinn féin chun doiciméid a shíniú
- Aerú sásúil sa seomra

### An Taifeadadh

- Beidh an t-agallóir cúramach agus é/í ag cinntiú go ndéantar taifeadadh soiléir a thaispeánann i gceart leibhéal inniúlachta an iarrthóra. Cuirfidh scoileanna seiceálacha i gcrích lena chinntiú go bhfuil gach taifeadadh ar chaighdeán atá sách maith le go ndéanfadh CSS é a mharcáil
- Muna bhfuil an taifeadadh soléir nó má tá sé lochtach, is féidir leis an scoil an t-agallamh a thaifeadadh arís
- Ní mharcálfaidh CSS ach amháin an t-ábhar a chuirtear i láthair ar na taifeadtaí agus ón am a chuirtear an taifeadadh chuig an CSS, ní bheidh aon deis eile ag iarrthóir an taifeadadh a dhéanamh an athuair



### Pointí tábhachtacha eile

Ní mór d'iarrthóirí atá i mbaol an-mhór ó Covid-19 agus iarrthóirí a bhfuil riachtanais bhreise acu teagmháil a dhéanamh leis an scoil go díreach faoi na socruithe i gcomhair a n-agallaimh

Caithfidh iarrthóirí seachtracha cruthúnas céannachta a chur ar fáil do bhainistíocht na scoile nuair a shroichfidh siad an scoil agus don agallóir sula gcuirfear tús leis an agallamh

Chun tuilleadh eolais a fháil téigh chuig gov.ie/ardteist

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland